Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2009

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ

## GNÁTHLEIBHÉAL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2009

# AISTRIÚCHÁN
# AR SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ

# GNÁTHLEIBHÉAL

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2009**

**GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL**

**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á breithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta atá leis seo eisiach ná críochnaitheach.
- Is nótaí tacaíochta iad, ní freagraí eiseamláireacha ná freagraí moltaí iad.
- Déanfar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT – GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL – 2009
# SCÉIM MHARCÁLA

**ROINN 1 100 marc**
**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim Mharcála | |
|---|---|---|
| 1 | (i) 3 @ 1 marc an ceann<br>(ii) 4 @ 1 marc an ceann<br>(iii) 3 @ 1 marc an ceann | 10 |
| 2 | Dhá ráiteas chearta @ 5m an ceann | 10 |
| 3 | Míniú 4m<br>2 sampla @ 3m an ceann | 10 |
| 4 | Trí mhír 4m + 3m + 3m | 10 |
| 5 | 5 x 2m | 10 |
| 6 | Míniú 7m (4m + 3m)<br>Sampla 3m | 10 |
| 7 | Míniú 4m<br>2 sampla 3m + 3m | 10 |
| 8 | Trí bhac 4m + 3m + 3m | 10 |
| 9 | Dhá bhuntáiste 5m (3m + 2m) + 5m (3m + 2m) | 10 |
| 10 | Míniú 5m + 5m | 10 |
| 11 | Dhá fhreagracht 5m (3m + 2m) + 5m (3m + 2m) | 10 |
| 12 | 2 míniú 5m + 5m | 10 |
| 13 | Dhá mhíniú 5m (3m + 2m) + 5m (3m + 2m)<br>Sampla, agus sin amháin, 2m | 10 |
| 14 | Meaitseáil chruinn 4m + 3m + 3m | 10 |
| 15 | Trí fhoinse 4m + 3m + 3m | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna ar Fáil** | **100** |

# Roinn 2 – 300 MARC

**ROINN 2 CUID I**

**ÍOSMHÉID: 1 CEIST (75 Marc)**
**UASMHÉID: 2 CEIST (150 Marc)**

**Daoine sa Ghnó**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1 (A)** | (i) 2 cúis le Dífhostú Éagórach | 15 m | 8 + 7 | 15 |
| | (ii) 2 cúis le Dífhostú Cóir | 15 m | 8 + 7 | 15 |
| | (iii) Míniú (ceart amháin) | 15 m | 15 | 15 |
| **(B)** | (i) 2 gné de chonradh bailí | 8 m<br>7 m | 6 + 2<br>5 + 2 | 15 |
| | (ii) Míniú | 15 m | 15 | 15 |
| | Marcanna Ar Fáil | | | 75 |

**Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2 (A)** | Cúis amháin (abairt ag teastáil) | 10 m | 10 | 10 |
| **(B)** | Míniú:<br>3 buntáiste @ 10 marc an ceann | | 5 + 5<br>5 + 5<br>5 + 5 | 30 |
| **(C)** | Míniú ar 2 slí @ 10 marc an ceann | | 5 + 5<br>5 + 5 | 20 |
| **(D)** | Breac-chuntas ar 2 cúis: | 8 m<br>7 m | 4 + 4<br>4 + 3 | 15 |
| | Marcanna ar Fáil | | | 75 |

| Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta | | | |
|---|---|---|---|
| **3 (A)** | (i) Ríomhaireacht 10m<br>(ii) Easnamh 5m | 3 +3 + 4<br>5 | 15 |
| **(B)** | Míniú 10m | 5 + 5 | 10 |
| **(C)** | (i) Dhá chúis 15m<br>(ii) Dhá dhúshlán 15m | 8 + 7<br>8 + 7 | 30 |
| **(D)** | Dhá shampla 10m<br>Dhá shlí 10m | 5 + 5<br>5 + 5 | 20 |
| | Marcanna ar Fáil | | 75 |

**ROINN 2 CUID 2**

**ÍOSMHÉID: 2 CEIST (150 Marc)**
**UASMHÉID: 3 CEIST (225 Marc)**

| Fiontar/Bainistíocht | | | |
|---|---|---|---|
| **4 (A)** | Trí thréith /scil fiontraíochta<br>@ 5marc an ceann | 3 + 2<br>3 + 2<br>3 + 2 | 15 |
| **(B)** | Dhá thréith 15 m | 8 + 7 | 15 |
| **(C)** | LLDB (SWOT) – Ceithre fhocal 12 m<br>Míniú nó sampla i ngach cás 8 m | 4 x 3<br>4 x 2 | 20 |
| **(D)** | (i) Dhá chineál plean 10 m<br>(ii) Dhá bhuntáiste 15 m | 5 + 5<br>8 + 7 | 25 |
| | Marcanna ar Fáil | | 75 |

**Bainistíocht/Gnó i nGníomh**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5 (A)** | Míniú | 10m | 5 + 5 | 10 |
| **(B)** | Fógra (5 mír)<br>Clár (5 mír) | 10 m<br>15 m | 5 x 2<br>5 x 3 | 25 |
| **(C)** | Míniú ar Mhiontuairiscí | 10 m | 5 + 5 | 10 |
| **(D)** | Dhá bhuntáiste | 10 m | 5 + 5 | 10 |
| **(E)** | Dhá fhoinse airgeadais<br>Míniú ar fhoinse amháin | 10 m<br>10 m | 5 + 5<br>5 + 5 | 20 |
| | Marcanna ar Fáil | | | 75 |

**Bainistíocht/Gnó i nGníomh**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **6 (A)** | Barrachairt:<br>Teideal<br>Lipéid<br>Barraí | <br>2 m<br>2 m<br>6 m | <br>2<br>2<br>6 x 1 | 10 |
| **(B)** | Míniú<br>2 míbhuntáiste | 5 m<br>10 m | 3 + 2<br>5 + 5 | 15 |
| **(C)** | Trí bhuntáiste | 15 m | 10+3+2 | 15 |
| **(D)** | Dhá mhíniú<br>Dhá shampla | 10 m<br>10 m | 5 + 5<br>5 + 5 | 20 |
| **(E)** | Trí mhír | 15 m | 3 x 5 | 15 |
| | Marcanna ar Fáil | | | 75 |

| Bainistíocht/Gnó i nGníomh |
|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7 (A)** | Trí bhuntáiste @ 5m an ceann | 3 x 5 | 15 |
| **(B)** | Trí mhodh 7 m | 4 + 3 | |
| | 7 m | 4 + 3 | |
| | 6 m | 4 + 2 | 20 |
| **(C)** | Corrlach an Bhrabúis Chomhláin: | | |
| | Foirmle 2 m | 2 | |
| | Figiúirí 12 m | 4 x 3 | |
| | Freagraí 4 m | 2 x 2 | |
| | Nóta Tráchta 2 m | 2 | 20 |
| **(D)** | | | |
| | Corrlach an Bhrabúis Ghlain: | | |
| | Foirmle 2 m | 2 | |
| | Figiúirí 12 m | 4 x 3 | |
| | Freagraí 4 m | 2 x 2 | |
| | Nóta Tráchta 2 m | 2 | 20 |
| | Marcanna ar Fáil | | 75 |

| Bainistíocht/Gnó i nGníomh |
|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8 (A)** | (i) Míniú 7 m | 4 + 3 | |
| | (ii) Léaráid 8 m | 3 x 2 | |
| | | 2 x 1 | 15 |
| **(B)** | Ceithre thoisc @ 5 marc an ceann | 3 + 2 | |
| | | 3 + 2 | |
| | | 3 + 2 | |
| | | 3 + 2 | 20 |
| **(C)** | Dhá mhodh @ 10 marc an ceann | 5 + 5 | |
| | | 5 + 5 | 20 |
| **(D)** | (i) Dhá bhuntáiste @ 6 marc an ceann | 6 + 6 | |
| | (ii) Dhá mhír @ 4 marc an ceann | 4 + 4 | 20 |
| | Marcanna ar Fáil | | 75 |

## ROINN 1 100 marc

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**1** **Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?**

(i) WWW: An Gréasán Domhanda *World Wide Web*
(ii) ÁSPC: Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta
(iii) UMB (*ATM*): Uathmheaisín Bainc *Automated Teller Machine*

**2** **Comhlánaigh an ghreille maidir le Teoiric X agus Teoiric Y**

| **Creideann bainisteoirí Theoiric X:** | **Creideann bainisteoirí Theoiric Y:** |
|---|---|
| **(i) nach maith le formhór na n-oibrithe obair** | **(i) gur maith le formhór na n-oibrithe obair** |
| (ii) go bhfuil formhór na n-oibrithe leisciúil agus go ndéanann siad iarracht obair a sheachaint | (ii) go bhfuil spéis ag oibrithe i jabanna dúshlánacha |
| (iii) gurb é an t-airgead amháin a spreagann oibrithe | (iii) go dteastaíonn ó oibrithe a oiread agus is féidir a bhaint amach agus meas agus aitheantas a fháil |
| (iv) nach mór rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar fhostaithe, nach bhféadfar muinín a chur iontu. | (iv) go dteastaíonn freagrachtaí ó fhostaithe agus go bhféadfar a bheith muiníneach go n-oibreoidh siad leo féin. |

**3** **Mínigh an téarma 'infheisteoir' agus tabhair dhá shampla d'infheisteoirí.**

Cuireann infheisteoirí caipiteal/maoiniú/airgead ar fáil do ghnólacht agus faigheann siad brabús mar chúiteamh air sin.
Samplaí: scairshealbhóirí, caipiteal an úinéara, bainc.

**4.** **Liostaigh trí mhír ba cheart a bheith i Jabthuairisc**

Áirítear iad seo a leanas ar na míreanna:
teideal an jab, na coinníollacha fostaíochta, pá/tuarastal, laethanta saoire, uaireanta oibre, an duine a bheidh i gceannas ort/a mbeidh tú ag freagairt dó, príomhthascanna/dualgais agus réimsí freagrachta.

**5** **Téarmaí Gnó**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| B | D | A | F | C |

**6** **Mínigh an téarma 'saincheadú' agus tabhair sampla amháin de shaincheadúnas.**

Tugann an saincheadúnóir *ceadúnas* don saincheadúnaí a cheadaíonn dó/di a tháirge/sheirbhís a chur ar fáil agus a dhíol. Baineann an saincheadúnaí úsáid as ainm agus lógó an tsaincheadúnóra.
Tá an ceadúnas costasach agus ní mór céatadán de na díolacháin/dleachtanna a íoc go bliantúil.
Baineann an saincheadúnaí tairbhe as ainm gnó agus smaoineamh cruthaithe a fháil *ar cíos*.
Samplaí:
*McDonalds, Supermacs, The Body Shop, O'Brien's Sandwich Bars, Kentucky Fried Chicken*.

**7** **Cad is 'táirge domhanda' ann? Tabhair dhá shampla de tháirgí domhanda**.

Is éard is táirge domhanda ann ná táirge a dhíoltar ar fud an domhain. Deartar é chun go dtaitneoidh sé le tomhaltóirí ar fud an domhain agus d'fhéadfadh go gcaithfí é a athrú chun go n-oirfidh sé do mhargaí difriúla, e.g. pacáistíocht.
Samplaí: *Coca- Cola*, pinn *Bic*, bróga spóirt *Nike*.

**8** **Liostaigh trí bhac ar chumarsáid éifeachtach.**

An teanga a úsáidtear, gan a bheith ag éisteacht, an modh mícheart, caidreamh idir dhaoine, tráthúlacht, easpa aiseolais, fothram/torann, béarlagair teicniúil.

| | |
|---|---|
| 9 | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste atá i mballraíocht an AE do ghnó na hÉireann.**<br>An Euro – Airgeadra Coiteann<br>Margadh níos mó ar fáil do ghnóthais Éireannacha maidir le honnmhairiú/leathnú<br>Féadfar barainneachtaí scála a bhaint amach trí leathnú a dhéanamh ar ghnó<br>Saorthrádáil – saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí<br>Saorghluaiseacht caipitil agus saothair, e.g. neamhnáisiúnaigh ag obair in Éirinn<br>Soláthar poiblí – conarthaí poiblí san AE<br>Deontais agus fóirdheontais ón AE ar fáil don ghnó agus don infreastruchtúr/bonneagar. |
| 10 | **Mínigh an téarma 'rótharraingt bhainc'.**<br>- foinse airgeadais gearrthéarma<br>- ceadaíonn an banc don chustaiméir níos mó airgid a aistarraingt as an gcuntas reatha ná mar atá ann<br>- íoctar ús ar an tsuim a rótharraingítear<br>- cuirtear teorainn ar shuim na rótharraingte |
| 11 | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fhreagracht atá ar ghnólachtaí maidir leis an timpeallacht.**<br>(i) Truailliú Aeir – cinntiú nach dtruailleoidh astuithe ón monarcha an t-aer<br>(ii) Truailliú Uisce – nach rachaidh eisilteach ná ceimiceáin isteach san uisce<br>(iii) Truailliú torainn – go gcoimeádtar leibhéil an torainn ag na leibhéil is íosta<br>(iv) Trácht/ páirceáil leordhóthanach<br>(v) Na dlíthe Pleanála etc. a chomhlíonadh<br>(vi) Staidéar ar an Tionchar ar an Timpeallacht<br>(vii) Dumpáil neamhdhleathach/diúscairt dramhaíola<br>(viii) Dul i gcomhairle le grúpaí pobail áitiúla agus le comhlachtaí comhshaoil le comhaontú a chinntiú. |
| 12 | **Mínigh dhá cheann de na ceithre thoisc Tháirgeachta seo a leanas.**<br>Baineann **Talamh** le hacmhainní nádúrtha atá ar fáil le haghaidh táirgeachta.<br>Baineann **Saothar** le hionchur daonna sa phróiseas táirgeachta.<br>Baineann **Caipiteal** le haon ní de dhéantús an duine a úsáidtear sa phróiseas táirgeachta.<br>Eagraíonn **Fiontraíocht** na tosca eile chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh. Bíonn rioscaí i gceist. |
| 13 | **Mínigh na téarmaí seo a leanas a mbaintear úsáid astu san Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980. Ní mór d'earraí a bheith:**<br>**(i) de mhianach inmhargaidh:**<br>Ba chóir go mbeadh earraí de mhianach réasúnta, agus an fheidhm mheasta, an mharthanacht agus an praghas a bhaineann leo á gcur san áireamh; ba chóir go mbainfeadh caighdeán inghlactha leis na hearraí.<br>**(ii) mar a dtuairisc:**<br>Ní mór go mbeidh na hearraí de réir na tuairisce a thugtar ar an bpacáistíocht. Ní fhéadfar an ceannaitheoir a chur amú agus tabhairt air/uirthi earra a cheannach go míthreorach de réir tuairisce a thabharfadh an díoltóir ó bhéal nó de réir tuairisce i leabhrán no i gcatalóg. Ní féidir leis an díoltóir éilimh bhréige nó áibhéalacha a dhéanamh. |
| 14 | **Cuir in iúl le tic cé na gnéithe is mó a bhainfeadh leis na próisis táirgeachta éagsúla.** |
| 15 | **Liostaigh trí fhoinse smaointe nua gnó a bheadh ar fáil d'fhiontraí.**<br>(i) Suimeanna pearsanta, caithimh aimsire, scileanna<br>(ii) Gnólachtaí eile<br>(iii) Taisteal coigríche<br>(iv) Taighde margaidh/taighde agus forbairt<br>(v) Gníomhaireachtaí rialtais<br>(vi) Teaghlach, cairde<br>(vii) An tIdirlíon, nuachtáin. |

Table for question 14:

| | **Jabtháirgeadh** | **Baisctháirgeadh** | **Olltáirgeadh** |
|---|---|---|---|
| Táirgtear earraí i ngrúpaí | | ✓ | |
| Táirgeadh leanúnach de tháirgí atá mar an gcéanna | | | ✓ |
| Táirgí sainiúla a dhéantar ar ordú | ✓ | | |

| ROINN 2 | IOMLÁN NA MARCANNA AR FÁIL 300 |
|---|---|

## ROINN 2 CUID 1

**ÍOSMHÉID 1 CEIST 75 MARC**
**UASMHÉID 2 CEIST 150 MARC**

**Ceist 1 Daoine sa Ghnó**

| | |
|---|---|
| **1 (A)** | **Faoin Acht um Dhífhostú Éagórach 1977/1993**<br>**(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis (seachas a bheith torrach) le dífhostú éagórach.**<br>• Cine nó dath<br>• Ballraíocht sa lucht siúil / cúlra cultúir<br>• Claonadh gnéasach<br>• Tuairimí polaitiúla nó reiligiúnacha<br>• Ballraíocht i gceardchumann / rannpháirtíocht i ngníomhaíocht thionsclaíoch<br>• Rannpháirtíocht i gcás cúirte / caingean dlí in aghaidh fostóra<br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis le dífhostú cóir.**<br>• Cáilíochtaí neamhoiriúnach don phost<br>• Neamhinniúlacht / neamhábaltacht na dualgais riachtanacha a chomhlíonadh<br>• Iompar míchuí/do-ghlactha ag an bhfostaí<br>• Iomarcaíocht – mar gheall ar dhúnadh nó ar an iomaíocht<br>**(iii) Mínigh ceart amháin atá ag Celine faoin Acht**.<br>• Fios a bheith aici ar an bhfáth ar briseadh as an bpost í<br>• Freagra a thabhairt agus éisteacht a fháil roimh mbristear as obair í<br>• Éisteacht chothrom / neamhchlaonta, ag a mbeidh ionadaíocht aici<br>• An cás a thabhairt chuig Coimisinéir um Chearta nó chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta<br>• An ceart um chúiteamh / aischur i bpost / cúiteamh airgid. |
| **1 (B)** | **(i) Luaigh agus <u>mínigh</u> dhá ghné de chonradh bailí.**<br>**Tairiscint** – ní mór do pháirtí amháin tairiscint a dhéanamh leis an bpáirtí eile. Féadfaidh an tairiscint a bheith ó bhéal, i scríbhinn nó curtha in iúl trí iompar. Ní mór go mbeidh sí soiléir agus gan choinníoll.<br>**Glacadh** – nuair a ghlactar le tairiscint, beidh sí ina cheangal ar an dá pháirtí. Ní mór glacadh le coinníollacha na tairisceana go léir. Féadfar glacadh le tairiscint ó bhéal, i scríbhinn nó le hiompar.<br>**Comaoin** – rud éigin lena mbaineann luach (airgead de ghnáth) a thugann páirtí amháin don pháirtí eile mar mhalairt ar earraí nó ar sheirbhísí a fuarthas.<br>**Toiliú le conradh** – ní fhéadfaidh brú a chur ar cheachtar páirtí conradh a dhéanamh.<br>Gnéithe eile: Rún conraithe, Cumas conraithe, Dlíthiúlacht foirme, Dlíthiúlacht cuspóra, Comhaontú.<br>**(ii) An bhfuil conradh idir Séamas agus Tomás? Mínigh do fhreagra.**<br>**Níl** – ní raibh aon chomhaontú lenar bhain ceangal dlí idir Séamas agus Tomás.<br>Ní raibh aon ghnéithe de chonradh bailí ann. |

## Ceist 2 Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta

| | |
|---|---|
| **2 (A)** | **Sainaithin cúis amháin a d'fhéadfadh a bheith le cinneadh Teltec lonnú i mBaile an Droma i 1995.**<br>(i) Tacaíocht / deontais ón Rialtas<br>(ii) Lucht oibre léannta oilte i mBaile an Droma<br>(iii) Geata go margadh an AE do chuideachta Mheiriceánach<br>(iv) Cáin Chorparáideach íseal in Éirinn |
| **2 (B)** | **Mínigh trí bhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith tugtha ag Teltec do pobal Bhaile an Droma ó 1995.**<br>(i) Fostaíocht: tá líon mór daoine á fhostú acu<br>(ii) Iarmhairtí seachthairbheacha: baineann gnólachtaí áitiúla tairbhe as earraí / seirbhísí a chur ar fáil do chuideachtaí trasnáisiúnta (TNC)<br>(iii) Cuireann caiteachas a dhéanann fostaithe i gceantar Bhaile an Droma leis an ngeilleagar áitiúil<br>(iv) Féadfar urraíocht agus tacaíocht a chur ar fáil d'imeachtaí áitiúla<br>(v) Oiliúint na bhfostaithe - scileanna nua, printíseachtaí, breisoiliúint<br>(vi) Mheall infheistíocht go dtí an cheantar e.g. infreastruchtúr. |
| **2 (C)** | **Mínigh dhá shlí a bhféadfadh dúnadh Teltec dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí áitiúla Bhaile an Droma.**<br>(i) D'fhéadfadh go ndúnfaí gnólachtaí cleithiúnacha eile, e.g. iompar / tarlú<br>(ii) Laghdófar díolacháin / brabúis san earnáil seirbhísí sa cheantar<br>(iii) D'fhéadfadh go mbeadh ar ghnólachtaí seachthairbheacha dúnadh, ag cur le dífhostaíocht sa cheantar<br>(iv) D'fhéadfadh go n-aistreodh gnólachtaí seachthairbheacha go dtí an tSín chun naisc a choimeád le Teltec. |
| **2 (D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a d'fhéadfadh a bheith le cinneadh Teltec athlonnú sa tSín.**<br>(i) Costais phá níos isle sa tSín.<br>(ii) Costais táirgeachta níos ísle e.g. fuinneamh, árachas.<br>(iii) Ag iarraidh briseadh isteach i margadh na Síne/hÁise atá ag dul i méid<br>(iv) Tacaíocht / deontais ó Rialtas na Síne. |

**Ceist 3 Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta**

<table>
<tr><td>3 (A)</td><td>Onnmhairí Sofheicthe €1.138m<br>Allmhairí Sofheicthe € 1,235m<br>(i) Ón eolas thuas, ríomh Comhardú na Trádála.<br><br>Comhardú na Trádála €m<br>Onnmhairí Sofheicthe 1,138m<br>Allmhairí Sofheicthe <u>1,235m</u><br>Easnamh ar Chomhardú na Trádála – 97m<br><br>(ii) Abair cé acu barrachas nó easnamh é: Easnamh</td></tr>
<tr><td>3 (B)</td><td>Mínigh an téarma ‘Comhardú na nÍocaíochtaí<br><br>1. Is é Comhardú na nÍocaíochtaí an difríocht idir luach na <u>nOnnmhairithe Iomlána</u> (Sofheicthe agus Dofheicthe) agus luach na <u>nAllmhairithe Iomlána</u> (Sofheicthe agus Dofheicthe). Cuirtear in iúl mar bharrachas nó easnamh é.<br>2. Onnmhairithe Sofheicthe – Allmhairithe Sofheicthe = Comhardú na Trádála<br>+<br>Onnmhairithe Dofheicthe – Onnmhairithe Dofheicthe = Comhardú na nÍocaíochtaí.<br>3. An t-airgead a thagann isteach i dtír lúide an t-airgead a théann amach as tír.</td></tr>
<tr><td>3 (C)</td><td>(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a mbíonn gnólachtaí Éireannacha ag plé leis an trádáil idirnáisiúnta.<br>(i) Tá an margadh intíre róbheag<br>(ii) Spréitear an riosca gnó trí gan a bheith ag brath ar mhargadh áitiúil amháin<br>(iii) Chun díolacháin agus brabúis a ardú<br>(iv) Chun barainneachtaí scála a bhaint amach<br>(v) Chun amhábhair riachtanacha a onnmhairiú<br><br>(ii) Sainaithin dhá dhúshlán atá roimh ghnólachtaí Éireannacha atá ag plé leis an trádáil idirnáisiúnta.<br>(i) Bonn costais ard – saothar / árachas<br>(ii) Costais dáileacháin – áit<br>(iii) Teanga dhifriúil / nósanna difriúla / cultúir dhifriúla i dtíortha eile<br>(iv) Costas táirgí a chur in oiriúint chun caighdeáin / rialacháin idirnáisiúnta a chomhlíonadh<br>(v) Rioscaí a bhaineann le luaineacht an ráta malairte<br>(vi) Difríochtaí geografacha / aeráide – d’fhéadfadh go mbeadh oiriúnú riachtanach<br>(vii) Deacrachtaí íocaíochta – fadhbanna fiacha a bhailiú<br>(viii) Rioscaí polaitiúla agus éagobhsaíocht<br>(ix) Iomaíocht –caighdeán / cáilíocht ard táirge ag na praghsanna is ísle.</td></tr>
<tr><td>3 (D)</td><td>B’fhéidir go mbeadh an rialtas ag smaoineamh ar chánacha a ardú chun cabhrú leis an ngeilleagar. Bain úsáid as <u>samplaí</u> de chánacha, agus déan cur síos ar dhá shlí a rachadh ardú cánacha i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.<br><br>D’fhéadfadh go dtitfeadh caiteachas tomhaltóirí go mór le rátaí cánach ardaithe, agus go rachadh praghsanna agus pá síos mar thoradh air sin. Dhéanfadh sin an tionscal níos iomaíche. D’fhéadfadh an rialtas breis ioncaim a fháil as agus d’fhéadfadh an rialtas leas a bhaint as sin le híoc as seirbhísí sláinte, oideachais agus leasa shóisialta.<br><br>(i) Cáin Chorparáideach – Níos lú brabúis do ghnólachtaí má ardaítear é<br>(ii) Cáin Bhreisluacha – Ní bheidh an praghas díolacháin chomh hiomaíoch má ardaítear na rátaí, agus titfidh éileamh agus díolacháin mar thoradh air sin<br>(iii) Dleacht Mháil – Níos lú éilimh ar earraí ar nós tobac agus breosla<br>(iv) ÍMAT – Má ardaítear ÍMAT, beidh pá / tuarastal laghdaithe ag fostaithe agus ní bheidh a oiread fonn oibre orthu.</td></tr>
</table>

# ROINN 2 CUID 2

**ÍOSMHÉID 2 CEIST 150 MARC**
**UASMHÉID 3 CEIST 225 MARC**

**Ceist 4 Fiontar / Bainistíocht**

| | |
|---|---|
| **4 (A)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thréith /scil fiontraíochta atá ag na daltaí atá ag plé le Adora Flora Tta.**<br>(i) Nuálaíocht / cruthaíocht – slite nua chun tascanna a chomhlíonadh, smaointe nua.<br>(ii) Dul sa seans – pearsanta agus airgeadais.<br>(iii) Cinntitheacht – inniúlacht cinntí tapúla soiléire a dhéanamh maidir leis an ngníomh a dhéanfar.<br>(iv) Solúbthacht / oiriúnacht – ábaltacht tosaíochtaí a athrú más gá.<br>(v) Tapaíonn an deis – bearna sa mhargadh, dúshláin nua, á lorg.<br>(vi) Muinín – féinmhuinín ina n-ábaltacht féin agus muinín sa táirge atá á ndéanamh acu.<br>(vii) Réamhghníomhach – ní fhanann le daoine eile gníomh a dhéanamh. |
| **4 (B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá thréith a bhíonn ag ceannaire daonlathach.**<br>- rachaidh ceannaire daonlathach i gcomhairle le daoine eile sula ndéanann sé/sí cinntí<br>- tarmligfidh ceannaire daonlathach údarás agus freagracht<br>- beidh an ceannaire daonlathach muiníneach go gcomhlíonfaidh na fostaithe a ndualgais<br>- áiteoidh an ceannaire daonlathach ar fhostaithe nithe a dhéanamh seachas orduithe a thabhairt. |
| **4 (C)** | **Mínigh an téarma anailís LLDB (SWOT).**<br>Is éard atá i gceist leis seo ná anailís ar an riocht ina bhfuil an gnólacht faoi láthair agus déantar é sula gcuirtear plean gnó le chéile de ghnáth.<br>**Láidreachtaí:** Pointí maithe <u>inmheánacha</u> an ghnólachta lena dtugtar buntáiste dó e.g. scileanna na bhfostaithe agus na bainistíochta, cáilíocht an táirge, scileanna margaíochta.<br>**Laigí:** Na nithe <u>inmheánacha</u> nach mór a réiteach a bhíonn mar bhac ar an ngnólacht agus é ag iarraidh a chuspóirí a bhaint amach e.g. fadhbanna leis an sreabhadh airgid, easpa caipitil, easpa saineolais maidir le margaíocht.<br>**Deiseanna:** Tosca <u>lasmuigh</u> den ghnólacht a bhféadfar buntáiste a bhaint astu san am atá le teacht; tosca ar chóir leas a bhaint astu nuair is féidir<br>e.g. margaí nua/féideartha, leathnú a d'fhéadfaí a dhéanamh, éileamh tomhaltóirí.<br>**Bagairtí:** Tosca atá <u>lasmuigh</u> den ghnólacht agus d'fhéadfadh go mbainfeadh fadhbanna leo amach anseo agus go laghdófar brabúis leo; ní mór go ndéanfaidh an gnólacht é féin a chosaint ina gcoinne<br>e.g. iomaíocht, costais, cor chun donais sa gheilleagar. |
| **4 (D)** | **(i) Ainmnigh dhá chineál plean a úsáidtear sa ghnó.**<br>• Plean straitéiseach / fadtéarmach<br>• Plean oirbheartaíochta / gearrthéarmach<br>• Ráiteas Misin<br>• Réamhaisnéis ar an Sreabhadh Airgid<br>• Plean Daonchumhachta<br>• Plean teagmhasach / cúltaca<br>• Plean táirgeachta<br>• Plean margaíochta<br>• Plean oibríochta<br>• Plean gnó |

| | |
|---|---|
| | **(ii) Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann le pleanáil gnó.**<br><br>(i) Tugtar spreagadh trí spriocanna soiléire a leagan amach don bhainistíocht agus don fhoireann<br>(ii) Tacaítear leis an iarratas ar mhaoiniú<br>(iii) Cabhraítear leis an eagraíocht déileáil le hathruithe<br>(iv) Aithnítear na hacmhainní a bheidh ag teastáil amach anseo. |

# Ceist 5 Bainistíocht / Gnó i nGníomh


<table>
<tr><td>5 (A)</td><td>Tá dliteanas teoranta ag Cillbhé Tta. Mínigh an téarma ‘dliteanas teoranta’.<br><br>Le ‘dliteanas teoranta’, sa chás nach n-éireoidh leis an ngnólacht, ní chaillfidh na hinfheisteoirí/scairshealbhóirí ach an méid a d’infheistigh siad sa ghnólacht. Ní gá go mbeidh orthu a réadmhaoin phríobháideach a úsáid chun íoc as fiacha an ghnólachta.</td></tr>
<tr><td>5 (B)</td><td>Bain úsáid as dáta an lae inniu, agus dréachtaigh Fógra agus Clár do chruinniú an Bhoird Stiúrthóirí. (Ní mór cúig mhír ar a laghad a bheith ar an Chlár).<br><br>Cillbhé Tta<br>Fógra chuig gach Comhalta Boird:<br><br>Beidh cruinniú Bhord Stiúrthóirí Chillbhé Tta ar siúl sa Seomra Boird an 9ú Meitheamh 2009 ag 7.30 p.m.<br>Clár:<br>1. Miontuairiscí an Chruinnithe Boird deiridh<br>2. Ábhair a eascróidh as na miontuairiscí / comhfhreagras<br>3. Tionchair an chúlaithe eacnamaíoch ar Chillbhé Tta<br>4. Tabhairt isteach féideartha seachtain oibre trí lá<br>5. Foinsí maoinithe don chuideachta amach anseo<br>6. Aon Ghnó Eile<br>Sínithe: Ruairí Ó Braonáin / Aon Ainm<br>Stiúrthóir Bainistíochta Rúnaí</td></tr>
<tr><td>5 (C)</td><td>Mínigh an téarma ‘miontuairiscí’ cruinnithe.<br><br>Is éard atá i gceist le ‘miontuairiscí’ ná cur síos ar an gcruinniú a scríobhann an rúnaí. Luaitear na daoine a bhí i láthair, na daoine a bhí as láthair, na cinntí a rinneadh, na hábhair a pléadh agus pleanáil do chruinnithe a bheidh ann amach anseo.</td></tr>
<tr><td>5 (D)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste atá le cruinnithe mar mhodh cumarsáide.<br><br>(i) Cuirtear ar chumas daoine smaointe agus eolas a mhalartú agus pleanáil don am atá le teacht<br>(ii) Féadfar cinntí a dhéanamh trí vótáil ar thograí<br>(iii) Féadfar fadhbanna a phlé agus réitigh a chur chun tosaigh<br>(iv) Féadfaidh daoine na torthaí etc. a thuairisciú do dhaoine eile<br>(v) Féadfar cumarsáid duine ar dhuine a dhéanamh<br>(vi) Spreagtar comhoibriú agus obair fhoirne leis na cruinnithe.</td></tr>
<tr><td>5 (E)</td><td>Ainmnigh dhá fhoinse fhadtéarmacha airgeadais agus mínigh ceann amháin díobh.<br><br>Iasacht fhadtéarmach / bintiúr – iasachtaí ar feadh 5 bliain nó níos faide atá i gceist leis sin. Beidh urrús/comhthaobhacht ag teastáil (réadmhaoin nó sócmhainní seasta eile). Sonrófar an ráta úis agus an dáta aisíoctha. Baintear úsáid as le haghaidh caiteachas caipitil mór.<br>Scairchaipiteal / caipiteal úinéirí / gnáthscaireanna – airgead a chuireann na scairshealbhóirí ar fáil. Ní theastaíonn urrús. Fanann an t-airgead sa chuideachta chomh fada agus a mhaireann sé agus ní aisíoctar é go dtí go bhfoirceanntar an chuideachta. Bíonn cearta vótála ag na gnáth-scairshealbhóirí ag an gCGB agus d’fhéadfadh go bhfaighidís díbhinn má bhíonn brabús ag an gcuideachta.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | **Tuillimh Choimeádta** – brabús nach n-íoctar amach i ndíbhinní ach a ath-infheistítear sa chuideachta mar chaipiteal breise le haghaidh leathnaithe / sócmhainní a cheannach.<br>**Deontais ón Rialtas** – Airgead ón Rialtas agus ní chaithfear aon ús a íoc ná aon aisíocaíochtaí a dhéanamh maidir leo. Bíonn coinníollacha sonracha i gceist leo de ghnáth. Bítear ag dúil leis go gcruthófar fostaíocht leis na deontais agus is do thionscadail a mheastar a bheith inmharthana, agus dóibh sin amháin, a thugtar iad. |

**6 (A)**

| Eanáir | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh |
|---|---|---|---|---|---|
| **50** | **40** | **35** | **30** | **35** | **40** |

**Barrachairt:** Díolacháin Carranna, Eanáir go Meitheamh 2009




**6 (B)**

**(i) Mínigh an téarma 'Trádálaí Aonair.**

Duine ar leis/léi a g(h)nólacht féin agus a dhéanann é á reáchtáil, a bhaineann amach brabús, a théann san amhantar.

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá mhíbhuntáiste a bhaineann le bheith i do thrádálaí aonair.**

- Iompraíonn an riosca / an fhreagracht go léir
- Dliteanas neamhtheoranta
- Caithfidh an caipiteal go léir a chur ar fáil
- Easpa leanúnachais
- A lán brú agus oibre ar dhuine amháin

**6 (C)**

**Tabhair breac-chuntas ar thrí bhuntáiste a bhaineann le taighde margaidh a dhéanamh.**

Cabhraíonn taighde margaidh leis an ngnólacht na nithe seo a leanas a aimsiú:

- eolas faoin spriocmhargadh
- cé acu atá éileamh ar tháirge/seirbhís nua nó nach bhfuil; dearcadh na dtomhaltóirí
- eolas faoin iomaíocht
- an praghas is fearr is féidir a bhaint amach
- an bealach dáileacháin is fearr
- an modh cur chun cinn is iomchuí chun dul i bhfeidhm ar an spriocmhargadh.

Cabhraíonn taighde margaidh an leibhéal díolacháin is dóchúla a réamh-mheas agus laghdaítear an baol nach n-éireoidh leis an ngnólacht.

**6 (D)**

**Taighde Allamuigh** (Taighde Príomha)

Baineann sin leis an ngnóthas ag dul amach san áit mhargaidh agus eolas a bhailiú go díreach ó chustaiméirí agus ó iomaitheoirí.

Samplaí: ceistneoirí, breathnóireacht, agallaimh, suirbhéanna ar chustaiméirí, coistí comhairleacha.

**Taighde Deisce** (Taighde Tánaisteach)

Baineann sin le teacht ar eolas atá ar fáil cheana féin laistigh nó lasmuigh den ghnóthas; eolas a bhailigh daoine eile cheana féin.

Samplaí: comhaid na cuideachta agus taifid ar dhíolacháin, irisí agus irisleabhair thrádála, an tIdirlíon, an Phríomh-Oifig Staidrimh, tuarascálacha Rialtais/ eile.

| | |
|---|---|
| **6 (E)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí mhír eolais nach mór don bhainisteoir bainc a bheith aici/aige chun breithmheas a dhéanamh ar iarratas Shéamais ar iasacht.**<br><br>(i) Cuspóir na hiasachta<br>(ii) Méid na hiasachta<br>(iii) Cumas aisíoc a dhéanamh / réamhaisnéis ar an sreabhadh airgid / aon chuntais réamh-mheasta<br>(iv) Sonraí an ghnólachta<br>(v) Rátáil Creidmheasa / stair / taifead baincéireachta<br>(vi) Comhthaobhacht / Urrús / Ráthaíocht don iasacht<br>(vii) Fad na hiasachta<br>(viii) Plean gnó |

| | |
|---|---|
| **7 (A)** | **Tabhair breac-chuntas ar trí bhuntáiste atá le hainm branda a úsáid.**<br>(i) cabhraítear an táirge a aithint<br>(ii) idirdhealaítear an táirge ó tháirgí eile<br>(iii) cruthaítear dílseacht chustaiméara<br>(iv) ceadaítear seoladh táirgí nua a bhaineann leis an mbranda<br>(v) féadfar praghas níos airde a bhaint amach le hainm branda a bhfuil eolas maith air. |
| **7 (B)** | **Déan cur síos ar thrí mhodh a d'fhéadfadh Ní Dhochartaigh Tta a úsáid chun táirgí nua *Craiceann Cneasta* a chur chun cinn.**<br><br>**Fógraíocht**: Ag cur custaiméirí ar an eolas i gcónaí maidir le táirge agus an tairbhe a bhaineann leis chun a chur ina luí orthu go bhfuil sé níos fearr ná táirgí iomaíocha eile. Áirítear raidió, teilifís, na meáin chlóite, fógraíocht ar líne agus post díreach ar na modhanna a úsáidtear.<br><br>**Tionscnaimh Dhíolacháin**: Dreasachtaí gearrthéarmacha chun cur le díolacháin táirge láithreach. Sármhaith chun táirge nua a chur chun cinn.<br>Áirítear praghsanna laghdaithe (tairiscintí speisialta), samplaí saor in aisce, bronntanais, comórtais ina dtairgtear duaiseanna, aontaí trádála agus taispeántais, léirithe ar an láthair ar shamplaí.<br><br>**Caidreamh Poiblí**: Íomhá mhaith a chothú leis an bpobal.<br>Samplaí: urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí, preaseisiúintí, seoladh preasa / sainalt irise, seoladh oifigiúil agus úsáid á baint as duine cáiliúil.<br><br>**Díolachán Pearsanta**: Teagmháil dhíreach (duine le duine nó ar an nguthán) a dhéanamh le custaiméirí ionchais, agus léiriú ar an táirge a thabhairt ina dhiaidh sin de ghnáth. |
| **7 (C)** | (see below) |

| | 2007 | 2008 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin | 600,000 | 750,000 |
| Brabús Comhlán | 200,000 | 300,000 |
| Brabús Glan | 120,000 | 210,000 |

**(i) Ríomh Corrlach an Bhrabúis Chomhláin sa bhliain 2007 agus 2008 <u>agus</u> déan trácht ar an treocht. (Taispeáin an fhoirmle agus do chuid oibrithe go léir).**

| Corrlach an Bhrabúis Chomhláin | **2007** | **2008** |
|---|---|---|
| <u>Brabús Comhlán x 100</u><br>Díolacháin | <u>€200,000 x 100</u><br>€600,000 | <u>€300,000 x 100</u><br>€750,000 |
| | = 33.3% | = 40% |

**Treocht**: D'ardaigh Corrlach an Bhrabúis Chomhláin ó 33.3% in 2007 go 40% in 2008, rud a rachaidh chun sochair do Ní Dhochartaigh Tta.
Léirítear leis sin gur thit an costas táirgeachta (saothar, amhábhair).

| 7 (C) | **(ii) Ríomh Corrlach an Bhrabúis Ghlain sa bhliain 2007 agus 2008 <u>agus</u> déan trácht ar an treocht. (Taispeáin an fhoirmle agus do chuid oibrithe go léir).** |
|---|---|

| Corrlach an Bhrabúis Ghlain | **2007** | **2008** |
|---|---|---|
| <u>Brabús Glan x 100</u><br>Díolacháin | <u>€120,000 x 100</u><br>€600,000 | <u>€210,000 x 100</u><br>€750,000 |
| | = 20% | = 28% |

**Treocht**: D'ardaigh Corrlach an Bhrabúis Ghlain ó 20% in 2007 go 28% in 2008. Léirítear leis sin laghdú i gcaiteachais na cuideachta.

| | |
|---|---|
| **8 (A)** | **(i) Mínigh an bhrí atá le 'Bealaí Dáileacháin.**<br>Sin an tslí a ndéanann an táirge a bhealach <u>ón táirgeoir go dtí an tomhaltóir</u>.<br>D'fhéadfadh gur díol díreach ón táirgeoir go dtí an tomhaltóir a bheadh i gceist nó d'fhéadfadh go mbeadh idirghabhálaithe eile ann, ar nós mórdhíoltóirí, gníomhairí agus miondíoltóirí.<br>**(ii) Léirigh, le cabhair léaráide, an bealach dáileacháin a úsáideann Seán agus Máirtín Ó Coinne.**<br>Táirgeoir ⇒ Miondíoltóir ⇒ Tomhaltóir |
| **8 (B)** | **Tabhair breac-chuntas ar ceithre thoisc a chuirfeadh Seán agus Máirtín san áireamh agus iad ag leagan síos praghas oiriúnach dá gcuid táirgí.**<br>(i) Ní mór na costais táirgeachta, taighde agus forbartha go léir a ríomh agus a chur san áireamh sa phraghas díola mar go gcaithfear iad a fháil ar ais sa deireadh.<br>(ii) Caithfidh an praghas praghsanna na n-iomaitheoirí a mheaitseáil.<br>(iii) Leibhéal an éilimh – dá airde an t-éileamh, is eas is airde an praghas.<br>(iv) Rialuithe praghais nó cánacha Rialtais ar tháirgí áirithe (ní ghearrtar CBL ar bhia).<br>(v) Ba chóir corrlach brabúis a chur san áireamh agus an praghas á ríomh. Beidh bia orgánach níos daoire ná bia neamhorgánach de ghnáth.<br>(vi) Ba chóir cuimhneamh ar lascainiú mar go mbeidh siad sin a cheannaíonn ar an mórchóir ag súil go ngearrfar praghas níos ísle orthu.<br>(vii) Siocair go bhfuil an chuid is mó de bhia orgánach inmheata agus d'fhéadfadh go gcaithfear é a dhíol ar lascaine laistigh de roinnt laethanta, ní mór sin a chur san áireamh agus an praghas á shocrú. |
| **8 (C)** | **Déan cur síos ar dhá mhodh a d'fhéadfaí a úsáid chun a gcóras Rialaithe Creidmheasa a fheabhsú.**<br>Modhanna:<br>(i) Creidiúnacht a gcustaiméirí a sheiceáil / a mheasúnú<br>(ii) Teorainneacha a chur leis an méid is féidir le custaiméirí a cheannach ar cairde<br>(iii) Dreasachtaí / lascainí airgid a thabhairt chun íocaíocht luath / pras a spreagadh<br>(iv) Billí a chur amach in am / meabhrúcháin / glaonna teileafóin<br>(v) Drochfhiacha a fháil ar ais agus dul sa tóir ar chuntais thar téarma<br>(vi) Íocaíochtaí trí dhochar díreach a thabhairt isteach. |

| | |
|---|---|
| **8 (D)** | **(i) Tabhair breac chuntas ar dhá bhuntáiste a ghabhann le Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú**.<br>(i) Réamh-mheasann an Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid an ghluaiseacht airgid isteach agus amach as an ngnólacht.<br>(ii) Cabhraítear leis an gnólacht cinntí a dhéanamh mar go léirítear insreafaí agus eis-sreafaí airgid san am atá le teacht mar aon lena bhfoinsí agus a dtráthúlacht.<br>(iii) Aithnítear ganntanais airgid a bheidh ann amach anseo agus cabhraítear leis an ngnólacht a riachtanais iasachta a phleanáil.<br>(iv) Cuirtear an Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid i gcomparáid le figiúirí iarbhír chun cabhrú leis an ngnólacht a sholáthar airgeadais a rialú.<br>(v) Cabhraítear leis an ngnólacht an leas is fearr a bhaint as barrachais airgid a bheidh ann amach anseo.<br><br>**(ii) Sainaithin dhá mhír a d'fhéadfaí a chur isteach i rannóg na nÍocaíochtaí den Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid.**<br>(i) Ceannacháin amhábhar<br>(ii) Forchostais (leictreachas, pá, teileafón, fógraíocht, costais dáileacháin)<br>(iii) Ceannachán sócmhainní (innealra, trealamh, áitribh, daingneáin)<br>(iv) Íocaíochtaí le Creidiúnaithe<br>(v) Aisíocaíocht iasachta. |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d’iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d’iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

## *Tábla A*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás an ábhair a leanas:

- ## Gnó – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

### Iomlán: 400 Gnáthráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun.

**Os cionn an mharc sin**, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |